



ÚDARÁS  
CRAOLACHÁIN  
NA hÉIREANN

BROADCASTING  
AUTHORITY  
OF IRELAND

## Údarás Craolacháin na hÉireann – Scéim Gaeilge 2013-2016

Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha  
Oifigiúla, 2003

## Caibidil 1 - Réamhrá

### 1.1 Cur chuige i leith fhorbairt na Scéime

Is í seo an chéad Scéim Gaeilge a d'ullmhaigh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ("an tAcht"). Foráiltear le hAlt 11 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonraítear na seirbhísí teanga a chuirfidh siad ar fáil.

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Ina theannta sin, leagtar amach in Alt 11 na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil i nGaeilge laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama.

Forbraíodh Scéim Gaeilge an BAI chun cur chuige caighdeánach a leagan síos ar fud na heagraíochta chun gur féidir leis a oibleagáidí maidir leis an nGaeilge a chomhlíonadh thar na trí bliana atá le teacht, agus an méid atá praiticiúil agus indéanta laistigh den thréimhse ama sin á chur san áireamh. Beidh na cuspóirí de ghné incriminteach, agus méadóidh soláthar seirbhísí ar bhonn bliana ar bhliain.

Is iad seo a leanas aidhmeanna sonracha Scéim Gaeilge an BAI:

- ár ngealltanais i leith na Gaeilge a leagan amach agus a chur in iúl do pháirtithe leasmhara agus do bhaill foirne
- cur leis an líon seirbhísí Gaeilge a chuireann an BAI ar fáil faoi láthair
- spriocanna incriminteacha atá le baint amach thar thréimhse ama 3 bliana a leagan síos
- a chinntiú go dtabharfar tacaíocht mhaith do bhaill foirne agus iad i mbun cláir oiliúna agus feasachta
- dul chun cinn a athbhreithniú ar bhonn rialta.

Foilsíodh fógra in Eanáir 2013 faoi alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, inar lorgaíodh uiríll ó pháirtithe leasmhara. Cuireadh cóip den ghlaó ar fáil freisin do Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, ar comhlacht comhordaithe Gaeilge í, agus scaip sí í ar na heagraíochtaí Gaeilge ar fud a líonra. Cuireadh an glao ar aighneachtaí in iúl do pháirtithe leasmhara an BAI trí láithreáin na meán sóisialta ar nós Facebook agus Twitter. Lorgaíodh tuairimí ó bhaill foirne an BAI freisin trí shuirbhéanna agus trí chomhairliúcháin.

Fuarthas 9 n-aighneacht san iomlán agus is féidir amharc orthu siúd ar láithreán gréasáin an BAI: [www.bai.ie](http://www.bai.ie). Fuair an Scéim eolas ó na haighneachtaí sin agus ó na tuairimí a fuarthas ó bhaill foirne le linn na tréimhse comhairliúcháin.

Cuirtear *Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge 2010-2030*, a bhfuil sé mar aidhm aici úsáid na Gaeilge agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú ar fud na tíre, san áireamh sa Scéim. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcuspóir straitéiseach chun méadú a dhéanamh ar an líon daoine a thagann ar sheirbhísí Stáit trí mheán na Gaeilge,

féachann an BAI le hinfheictheacht agus le caighdeán a sholáthair sheirbhísí Gaeilge a mhéadú. Ar an dara dul síos, maidir leis an gcuspóir straitéiseach chun an Ghaeilge a fhorbairt trí na Meáin agus trí Theicneolaíocht, tá sé mar aidhm ag an BAI feabhas a chur ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil faoi láthair do na hiarratasóirí siúd ar mian leo cláir Ghaeilge a fhorbairt tríd an Scéim um Maoiniú Craolacháin agus do na craoltóirí agus do na daoine siúd ar mian leo cumarsáid a dhéanamh leis an eagraíocht trí mheán na Gaeilge.

## 1.2 Dáta thosach feidhme na Scéime

Dhearbhaigh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an scéim seo agus beidh éifeacht léi ón **16 Meán Fómhair 2013**. Beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndearbhóidh an tAire Scéim nua de bhun alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2 – Forléargas ar Údarás Craolacháin na hÉireann

### 2.1 An tAcht Craolacháin, 2009

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ar an 1 Deireadh 2009 chun ábhar a rialáil ar fud na gcúrsaí uile craolacháin, ag glacadh leis na ról a bhí roimhe sin ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) agus ag an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin (BCC). Leagtar amach san Acht Craolacháin, 2009, raon cuspóirí ginearálta agus sonracha don BAI agus dá choistí reachtúla, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;
- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh;
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch.

Leagtar síos san Acht freisin go ndéanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh,
- a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach san Acht seo a chomhall,
- éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó ag a bhfuil tionchar,
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú,
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú,
- leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a ghéilliúla agus atá leanaí agus an óige do shaothrú tráchtála míchuí,
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas, agus
- forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

## 2.2 Misean agus Spriocanna

### Misean

Mar rialtóir craolacháin na hÉireann, is comhlacht neamhspleách reachtúil é Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) atá tiomanta do fhreastal ar shochaí na hÉireann tríd an timpeallacht chraolacháin a rialáil agus a mhúnlú agus trí thacaíocht a thabhairt di, ionas go léireoidh craolachán cineál éagsúil agus daonlathach na hÉireann.

### Fís

- Thar ceann an phobail, tá sé mar aidhm ag an BAI forbairt earnáil chraolacháin na hÉireann atá freagrach, bríomhar agus sofhreagrach a éascú;
- Laistigh den timpeallacht chraolacháin, tá sé mar aidhm ag an BAI barr feabhais a spreagadh agus a chothú i bhforbairt clár, in iriseoireacht agus i bhfeidhmíocht craolacháin;
- Ar leibhéal eagraíochtúil, féachann an tÚdarás, Coistí Reachtúla agus an Coiste Feidhmiúcháin, ina róil faoi seach, le freastal ar leas an phobail ar bhealach cóir trédhearcach, le hobair le chéile ar bhealach éifeachtach, agus le freagairt agus le hoiriúnú do chúinsí atá ag athrú i sochaí na hÉireann agus do theicneolaíocht atá ag teacht chun cinn san earnáil chraolacháin.

### Luachanna

Measann an BAI go bhfuil na croíluachanna seo a leanas ríthábhachtach maidir lena smaointeoireacht a mhúnlú agus maidir le heolas a thabhairt dá chur chuige i leith an taisc a bhaineann le rialáil:

- Spreagtha ag leas an phobail
- Cothrom agus comhréireach
- Saineolach agus eolach
- Neamhspleách agus neamhchlaon
- Gairmiúil agus tiomanta don fhoghlaim
- Cuntasach, trédhearcach agus éifeachtach ó thaobh costais de.

## 2.3 Struchtúr Eagraíochtúil an Údaráis

Tá an BAI lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus cuimsíonn a líon foirne 33 duine. Cuimsíonn sé Údarás ina bhfuil naonúr comhaltaí, mar aon le dhá choiste: An Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh.

## 2.4 Páirtithe Leasmhara an BAI

Déileálann an BAI le speictream leathan páirtithe leasmhara laistigh den earnáil chraolacháin mar aon le ranna cuí rialtais. Trína fheidhmeanna ceadúnaithe agus rialála, idirghníomhaíonn sé le craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí sa tionscal teilifíse agus raidió. Éascaíonn an BAI líon mór iarratasóirí trí thionscnaimh mhaoinithe amhail an Scéim um Maoiniú Craolacháin agus an Scéim um Chartlannú. Tugann sé tacaíocht forbartha earnála don tionscal chraolacháin trí Mhaoiniú Líonra

agus trí raon tionscnaimh eile a sholáthar. Bíonn an BAI i dteagmháil leanúnach leis an bpobal i gcoitinne trína fheidhm a bhaineann le gearáin chraolacháin. Téann sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus cinntí á ndéanamh aige ar shaincheisteanna craolacháin, ag lorg thuairimí an phobail agus tuairimí uathu siúd sa tionscal craolacháin.

Maidir leis an scéim nua teanga, freastalófar ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara siúd a chuireann spéis níos mó in iúl i soláthar seirbhísí Gaeilge, idir craoltóirí agus cuideachtaí agus daoine aonair ar mian leo cláir Ghaeilge a fhorbairt, mar aon le seirbhísí craolacháin, ionadaithe tionscail agus daoine den phobal a roghnaíonn chun déileáil leis an BAI trí mheán na Gaeilge.

## Caibidil 3 – Gealltanais do Sheachadadh Seirbhísí i nGaeilge

Leagtar amach sa chaibidil seo soláthairtí Gaeilge an BAI thar an gcéad trí bliana ina mbeidh an scéim i bhfeidhm; tugtar tréimhse ama a léiríonn cur i bhfeidhm incriminteach na soláthairtí sin in Aguisín 1. Ag deireadh na tréimhse sin, tá sé i gceist go mbeadh spriocanna bliantúla bainte amach go hiomlán trí thacaíocht agus oiliúint foirne. Beidh páirtithe leasmhara ar an eolas faoi ghealltanais Ghaeilge an BAI agus spreagfar iad dul i dteagmháil leis an eagraíocht tríd an teanga sin más mian leo. Beidh líon méadaithe seirbhísí curtha ar fáil trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach agus beidh tionscnaimh léirithe i bpleananna corparáideacha amach anseo. Déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn ar bhonn rialta d'fhonn an scéim a fhorbairt arís eile le linn tréimhsí ama ina dhiaidh sin.

*Is bunaithe ar an staid reatha atá na gealltanais uile a thugtar chun feabhas a chur ar sheirbhísí a chuireann Údarás Craolacháin na hÉireann ar fáil. Ní mór a admháil go bhféadfadh athruithe airgeadais agus foirne a d'fhéadfadh tarlú amach anseo tionchar diúltach a imirt ar sheachadadh na ngealltanais, rudaí nach bhfuil smacht ag Údarás Craolacháin na hÉireann orthu.*

### 3.1 Seirbhísí Gaeilge a chuireann an tÚdarás ar fáil faoi láthair

Tá cur chuige réamhghníomhach i leith na Gaeilge glactha i gcónaí ag an BAI agus tá sí ag cur seirbhísí i nGaeilge ar fáil do gach duine a iarrann iad. I dtéarmaí ginearálta, mar sin, freastalaítear ar gach duine siúd a fhéachann le hidirghníomhú leis an BAI trí mheán na Gaeilge. Mar shampla, éascaítear craoltóirí ar fearr leo a gcomhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, agus déileáiltear i nGaeilge le daoine den phobal a chuireann gearáin isteach i nGaeilge.

Eisítear preasráitis i nGaeilge agus/nó go dátheangach i gcásanna ina bhfuiltear ag díriú go sonrach ar chainteoirí, agus tá leaganacha Gaeilge de phríomhláithreáin ghréasáin ar fáil freisin. Tá gach beartas, gach cód agus gach doiciméad ginearálta atá dírithe ar an bpobal ar fáil i nGaeilge agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin na heagraíochta.

Tá freagracht ar an BAI as dhá scéim maoinithe mar chuid den Scéim um Maoiniú Craolacháin, (an Scéim um Chartlannú agus Fuaim agus Fís). Tá nótaí faisnéise, treoirlínte agus foirmeacha iarratais a bhaineann leis an Scéim um Chartlannú ar fáil i nGaeilge freisin. Is féidir le hiarratasóirí Fuaim agus Físe iarratas a dhéanamh ar an scéim i nGaeilge agus, i gcás na ndaoine siúd a dhéanann cumarsáid i nGaeilge, cuirtear aiseolas measúnaithe, idirbheartaíocht chonraitheoireachta agus comhfhreagras amach anseo ar fáil tríd an teanga chéanna.

## 3.2 Seirbhísí Gaeilge a fhéachann leis an Údarás a chur ar fáil

Tá sé mar aidhm ag an Údarás dul níos faide ná téarmaí Acht na dTeangacha agus na seirbhísí teanga seo a leanas a chur ar fáil dá pháirtithe leasmhara thar thréimhse ama 3 bliana na scéime. Féachann sé leis sin a bhaint amach trí chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh agus trí infheictheacht na teanga a chinntiú ag gach leibhéal. Díríonn an scéim seo a gníomhaíochtaí ar fud na ceithre phríomhréimse seo a leanas:

- Seirbhís do Chustaiméirí
- Láithreán Gréasáin agus Ríomhchórais
- Comhfhreagras, Soláthar Faisnéise agus Cumarsáid
- Cur Chun Cinn agus Poiblíocht

### 3.2.1 Seirbhís do Chustaiméirí

- Beannófar do ghlaiteoirí ar an BAI a labhraíonn Gaeilge i nGaeilge agus cuirfear ar aghaidh iad chuig ball foirne atá ábalta déileáil lena gceist trí Ghaeilge;
- Cuirfear seoladh ríomhphoist tiomanta ar fáil le haghaidh ceisteanna a bhaineann go sonrach leis an teanga ([teanga@bai.ie](mailto:teanga@bai.ie)) agus déanfar monatóireacht air go rialta.
- Beidh beirt bhall foirne ar a laghad, ag méadú go 4 ball foirne thar 3 bliana, ar fáil chun déileáil le páirtithe leasmhara trí mheán na Gaeilge sa chás gurb í sin an teanga roghnaithe.

### 3.2.2 Láithreáin Ghréasáin agus Ríomhchórais

- Beidh leagan Gaeilge iomlán den láithreán Gréasáin corparáideach [www.bai.ie](http://www.bai.ie) ann;
- Rachaidh naisc ar an láithreán Gréasáin Gaeilge chuig leaganacha Gaeilge de na doiciméid/leathanaigh ábhartha;
- Tabharfar splancscáileán isteach chun rogha idir an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge den láithreán Gréasáin a thabhairt d'úsáideoirí;
- Beidh gach ríomhchóras comhoiriúnach le noirm litrithe na Gaeilge agus le diaicriticí atá sonrach don teanga seo;
- Beidh Seirbhís Ar Líne nua an BAI ar fáil go hiomlán le haghaidh ceisteanna, iarratais agus conraitheoireacht **Fuaimne agus Físe**;
- Beidh Seirbhís Ar Líne nua an BAI ar fáil go hiomlán i nGaeilge le haghaidh cheisteanna, iarratais agus chonraitheoireacht na **Scéime um Chartlannú** (nó laistigh de bhliain amháin tar éis an scéim sin a bheith ar fáil ar an gcóras).



### **3.2.3 Comhfhreagras/Soláthar Faisnéise/Cumarsáid**

- Cuirfear tús le comhfhreagras i nGaeilge le páirtithe leasmhara a aithnímid gur fearr leo Gaeilge a úsáid i gcomhfhreagras;
- Tabharfar eolas do pháirtithe leasmhara go bhfáiltítear roimh gach comhfhreagras i gceachtar teanga;
- Cuirfear fógraí caighdeánacha ríomhphoist (clásail séanta/freagairtí ‘as oifig’, etc.) ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach;
- Beidh an páipéarachas agus an chomharthaíocht phoiblí ar fad dátheangach;
- Cuirfear príomhdhoiciméid (polasaithe/straitéisí/pleananna oibre) ar fáil sa Ghaeilge i gcomhthráth le leaganacha Béarla nuair is féidir ach tráth nach déanaí ná dhá sheachtain i gcás ar bith;
- Déanfar gach cuireadh oifigiúil chuig imeachtaí an BAI a tháirgeadh go dátheangach;
- Déanfar póstaer, bróisiúir, bileoga faisnéise agus gach fógra ginearálta a tháirgeadh go dátheangach nó ar leith sa dá theanga;
- Cuirfear óráidí an BAI ag imeachtaí agus ag láithreoireachtaí ginearálta ar fáil don phobal trí Ghaeilge, má iarrtar é;
- Cuirfear cóipeanna d’óráidí agus/nó de láithreoireachtaí ar fáil i nGaeilge má thugtar iad i nGaeilge;
- Cuirfear cainteoirí ar fáil do láithreoireachtaí Gaeilge agus don teilifís agus don raidió i nGaeilge;
- Cuirfear teimpléid chaighdeánacha láithreoireachta an BAI (PowerPoint, etc.) ar fáil do bhaill foirne i nGaeilge;
- Eiseofar preaseisiúintí a bhaineann le craolachán Gaeilge/Gaeltachta i nGaeilge agus/nó go dátheangach;
- Beidh méadú incriminteach ar sholáthar na leaganacha dátheangacha de na preaseisiúintí eile go léir thar thréimhse na scéime;
- Tabharfar cruinnithe poiblí i gceantair Ghaeltachta trí Ghaeilge.

### ***3.2.4 Cur Chun Cinn agus Poiblíocht***

- Reáchtálfar imeacht Sheachtain na Gaeilge gach bliain.

## Caibidil 4 - Cumas Gaeilge an BAI a Fheabhsú

Sa chaibidil seo, leagtar amach go hachomair an dóigh a mbeartaíonn an BAI forbairt a dhéanamh ar a gcumais teanga chun na gealltanais thuas a sheachadadh thar an tréimhse chomhaontaithe ama trí bliana. Tá roinnt líofachta sa Ghaeilge ag roinnt ball den fhoireann agus baineann siad úsáid aisti chun seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil. Tá sé beartaithe freisin an leas is fearr a bhaint as na scileanna díomhaoine teanga atá ag baill foirne eile, agus spreagadh a thabhairt dóibh siúd a bhfuil spéis acu i dteagmháil bhreise leis an teanga.

### 4.1 Earcaíocht agus Socrúchán

- Coinneoidh an BAI líon iomchuí ball foirne atá inniúil sa Ghaeilge i gcónaí;
- Fógrófar poist trí Ghaeilge sna meáin Ghaeilge;
- Cuirfear fáilte phoiblí roimh iarratais Ghaeilge ar phoist fhógartha;
- Déanfar agallaimh trí Ghaeilge nuair is iomchuí.

### 4.2 Oiliúint agus Forbairt

- Uasmhéadóidh an eagraíocht cumas na foirne reatha páirt a ghlacadh i soláthar seirbhíse Gaeilge;
- Cuirfear torthaí Scéim Gaeilge an BAI in iúl go hiomlán don fhoireann laistigh de chomhthéacs Acht na dTeangacha agus cuirfear treoirlínte ar fáil chun eolas a thabhairt faoi dhea-chleachtais i ndáil le húsáid na teanga;
- Cuirfear oiliúint inmheánach Ghaeilge ar fáil don fhoireann;
- Cuirfear ‘forbairt Ghaeilge’ san áireamh mar rogha i gcuspóirí feidhmíochta foirne;
- Éascófar foireann maidir le freastal ar chúrsaí Gaeilge.

### 4.3 Acmhainní teanga

- Déanfar gluais de théarmaí a úsáidtear i gcoitinne i nGaeilge atá sonrath don BAI agus do chraolachán a chur ar fáil don fhoireann.
- Bunófar leathanach tiomanta acmhainní Gaeilge ar inlíon na heagraíochta.
- Cuirfear acmhainní cabhracha ar líne ar fáil don fhoireann (GaelSpell, Ceart, [www.focal.ie](http://www.focal.ie), [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie)).
- Coinneofar an fhoireann ar an eolas faoi thionscnaimh Ghaeilge na seirbhíse poiblí (ranganna, ríomhfhoghlaim, imeachtaí sóisialta).
- Reáchtálfar gníomhaíocht shóisialta Ghaeilge amháin ar a laghad gach bliain.
- Pléifidh an BAI comhthionscnaimh a fhorbairt le comhlachtaí eile na seirbhíse poiblí.

#### 4.4 Seirbhísí Aistriúcháin

- Ainmneofar baill foirne inmheánacha chun tacú le baill foirne eile maidir le tascanna/ceisteanna beaga a bhaineann le Gaeilge;
- Coinneofar roinnt aistritheoirí ar aire chun a chinntiú gur féidir aistriúcháin atá ag teastáil go mear a chur ar fáil, más gá.

### Caibidil 5 - Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfar monatóireacht ar chur chun feidhme na scéime nua ar bhonn leanúnach agus iarrfar aiseolas go ráithiúil faoi gach gníomh ó réimsí oibre éagsúla an BAI. Áireofar leis seo moltaí ó bhaill foirne faoi dhul chun cinn agus taithí go dtí seo agus feabhsúcháin sa todhchaí. Déanfaidh bainisteoirí líne, nuair is iomchuí, monatóireacht ar chur chun feidhme laethúil agus tabharfaidh siad tuairisc faoi seach dá mbainisteoirí líne féin ar bhonn rialta.

Tá sé beartaithe freisin cuid faoi fhorbairtí Gaeilge a chur san áireamh sna Tuarascálacha Bliantúla corparáideacha chun an t-eolas is deireanaí faoi na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- dul chun cinn in aghaidh gach ceann de na gealltanais a leagtar amach sa Scéim
- minicíocht agus cineáil aon ghearán agus aon mholtaí a bhaineann leis an soláthar seirbhísí i nGaeilge
- leibhéal éilimh ar sheirbhísí Gaeilge

### Caibidil 6 - An Scéim a Phoibliú

Seolfar Scéim Gaeilge an BAI go hoifigiúil laistigh de mhí amháin tar éis don Roinn glacadh léi. Tacóidh preaseisiúintí, láithreach an láithreáin Ghréasáin, agus fógraí díreacha (seatanna ríomhphoist, etc.) do pháirtithe leasmhara leis an seoladh.

Cuirfear seisiú(i)n faisnéise ar siúl chun eolas a thabhairt do bhaill foirne faoina bhfreagrachtaí i leith Acht na dTeangacha Oifigiúla agus coinneofar ar an eolas iad faoi fhreagrachtaí ar bhonn leanúnach.

Coinneofar an pobal i gcoitinne agus páirtithe leasmhara eile ar an eolas faoi thiomantais an BAI do sheirbhísí don teanga agus cuirfidh gach fógra a leagtar thar ceann an Údaráis béim go soláthraíonn an oifig seo seirbhísí trí Ghaeilge agus, dá réir sin, go bhfáiltíonn sé roimh theagmháil i nGaeilge.

## Ráiteas deiridh

Déanann scéim Gaeilge an BAI dianiarracht ar sheirbhísí ardchaighdeáin Gaeilge a sholáthar don phobal de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Cé go n-aithníonn sé go bhfuil an scéim incriminteach agus teoranta ag acmhainní ar fáil, beartaíonn an BAI a bheith réamhghníomhach ina leith seo agus ar fáil le haghaidh moltaí faoi conas a sheirbhísí Gaeilge a bhreisiú agus a neartú tuilleadh sna blianta romhainn. Mar eagraíocht, tá an BAI tiomanta, dá bhrí sin, don líon agus don chineál seirbhísí a thairgeann sé don phobal trí Ghaeilge a mhéadú, agus tá dóchas aige go mbainfidh sé an sprioc seo amach tríd an scéim nua seo agus trí scéimeanna Gaeilge sa todhchaí.

In Aguisín 1 thíos, leagtar gníomhartha amach lena gcur i gcrích thar na trí bliana den scéim reatha seo:

## Aguisín 1

Spriocbhliain	Réimse Seirbhíse	Cuspóir
Deireadh Bhliain 1	<b>Seirbhís do Chustaiméirí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beannófar do ghlaiteoirí ar an BAI a labhraíonn Gaeilge i nGaeilge agus cuirfear ar aghaidh iad chuig ball foirne atá ábalta déileáil lena gceist trí Ghaeilge.</li> <li>• Cuirfear seoladh ríomhphoist tiomanta ar fáil le haghaidh ceisteanna a bhaineann go sonrach leis an teanga (<a href="mailto:teanga@bai.ie">teanga@bai.ie</a>) agus déanfar monatóireacht air go rialta.</li> <li>• Beidh beirt bhall foirne ar a laghad, ag méadú go 4 ball foirne thar 3 bliana, ar fáil chun déileáil le páirtithe leasmhara trí mheán na Gaeilge sa chás gurb í sin an teanga roghnaithe.</li> </ul>
	<b>Láithreáin Ghréasáin agus Ríomhchórais</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beidh gach ríomhchóras comhoiriúnach le noirm litrithe na Gaeilge agus le diaicriticí atá sonrach don teanga sin.</li> </ul>
	<b>Comhfhreagras/Soláthar Faisnéise/Cumarsáid</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuirfear tús le comhfhreagras i nGaeilge le páirtithe leasmhara a aithnímid gur fearr leo Gaeilge a úsáid.</li> <li>• Tabharfar eolas do pháirtithe leasmhara go bhfáiltítear roimh gach comhfhreagras i gceachtar teanga.</li> <li>• Cuirfear príomhdhoiciméid (polasaithe/straitéisí/pleananna oibre) ar fáil sa Ghaeilge i gcomhthráth le leaganacha Béarla ach tráth nach déanaí ná dhá sheachtain.</li> <li>• Cuirfear fógraí caighdeánacha</li> </ul>

		<p>ríomhphoist (clásail séanta/freagairtí ‘as oifig’, etc.) ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuirfear óráidí an BAI ag imeachtaí agus ag láithreoireachtaí ginearálta ar fáil don phobal trí Ghaeilge, má iarrtar é.</li> <li>• Cuirfear cóipeanna d’óráidí agus/nó de láithreoireachtaí ar fáil i nGaeilge má thugtar iad i nGaeilge.</li> <li>• Tabharfar cruinnithe poiblí i gceantair Ghaeltachta trí Ghaeilge.</li> </ul>
	<p><b>Earcaíocht agus Socrúchán</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Coinneoidh an BAI líon iomchuí ball foirne atá inniúil sa Ghaeilge i gcónaí.</li> <li>• Fógrófar poist trí Ghaeilge sna meáin Ghaeilge.</li> <li>• Cuirfear fáilte roimh iarratais Ghaeilge ar phoist fhógartha.</li> <li>• Déanfar agallaimh trí Ghaeilge nuair is iomchuí.</li> </ul>
	<p><b>Oiliúint agus Forbairt</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Uasmhéadóidh an eagraíocht cumas na foirne reatha páirt a ghlacadh i soláthar seirbhíse Gaeilge.</li> <li>• Cuirfear torthaí Scéim Teanga an BAI in iúl go hiomlán don fhoireann laistigh de chomhthéacs Acht na Teangacha agus cuirfear treoirlínte ar fáil chun eolas a thabhairt faoi dhea-chleachtais i ndáil le húsáid na teanga.</li> <li>• Cuirfear oiliúint inmheánach Ghaeilge ar fáil d’fhoireann.</li> <li>• Cuirfear ‘forbairt Ghaeilge’ san áireamh mar rogha i gcuspóirí feidhmíochta foirne.</li> <li>• Éascófar foireann maidir le freastal ar chúrsaí Gaeilge.</li> </ul>

	<b>Acmhainní Teanga</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Coinneofar an fhoireann ar an eolas faoi thionscnaimh Ghaeilge na seirbhíse poiblí (ranganna, ríomhfhoghlaim, imeachtaí sóisialta)</li> <li>• Cuirfear acmhainní cabhracha ar líne ar fáil don fhoireann (GaeSpell, Ceart, <a href="http://www.focal.ie">www.focal.ie</a>, <a href="http://www.focloir.ie">www.focloir.ie</a>).</li> </ul>
	<b>Seirbhísí Aistriúcháin</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Coinneofar roinnt aistritheoirí ar aire chun a chinntiú gur féidir aistriúcháin atá ag teastáil go mear a chur ar fáil, más gá.</li> </ul>
<p><b>De bhreis ar na cuspóirí thuas a chomhlíonadh, feabhsófar seirbhísí i mblianta ina dhiaidh sin mar seo a leanas:</b></p>		
Deireadh Bhliain 2	<b>Seirbhís do Chustaiméirí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 3 ball foirne ar fáil chun déileáil le páirtithe leasmhara trí mheán na Gaeilge sa chás gurb í sin an teanga roghnaithe.</li> </ul>
	<b>Láithreáin Ghréasáin agus Ríomhchórais</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beidh leagan Gaeilge iomlán den láithreán Gréasáin corparáideach <a href="http://www.bai.ie">www.bai.ie</a> ann.</li> <li>• Beidh Seirbhís Ar Líne nua an BAI ar fáil go hiomlán i nGaeilge le haghaidh iarratais agus chonraitheoireacht na <b>Scéime um Chartlannú</b> (nó laistigh de bhliain amháin tar éis an scéim sin a bheith ar fáil ar an gcóras).</li> <li>• Rachaidh naisc ar an láithreán</li> </ul>



		<p>Gréasáin Gaeilge chuig leaganacha Gaeilge de na doiciméid/leathanaigh ábhartha.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tabharfar splanpscáileán isteach chun rogha idir an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge den láithreán Gréasáin a thabhairt d'úsáideoirí</li> </ul>
	<p><b>Comhfhreagras/Soláthar Faisnéise/Cumarsáid</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beidh an páipéarachas agus an chomharthaíocht phoiblí ar fad dátheangach.</li> <li>• Déanfar gach cuireadh oifigiúil chuig imeachtaí an BAI a tháirgeadh go dátheangach.</li> <li>• Déanfar póstaer, bróisiúir, bileoga faisnéise agus gach fógra ginearálta a tháirgeadh go dátheangach nó ar leith sa dá theanga.</li> <li>• Cuirfear cainteoirí ar fáil do láithreoirreachtaí Gaeilge agus don teilifís agus don raidió i nGaeilge.</li> <li>• Cuirfear teimpléid chaighdeánacha láithreoirreachta an BAI (PowerPoint, etc.) ar fáil do bhaill foirne i nGaeilge.</li> <li>• Eiseofar preaseisiúintí a bhaineann le craolachán Gaeilge/Gaeltachta i nGaeilge agus/nó go dátheangach.</li> </ul>
	<p><b>Láithreacht ag Imeachtaí Gaeilge/iad a Chur Chun Cinn</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Reáchtálfar imeacht Sheachtain na Gaeilge gach bliain.</li> </ul>
	<p><b>Acmhainní Teanga</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Déanfar gluais de théarmaí a úsáidtear i gcoitinne i nGaeilge atá sonrath don BAI agus do chraolachán a chur ar fáil don fhoireann.</li> </ul>

		<ul style="list-style-type: none"> <li>Bunófar leathanach tiomanta acmhainní Gaeilge ar inlín na heagraíochta.</li> </ul>
Deireadh Bhliain 3	<b>Seirbhís do Chustaiméirí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>4 ball foirne ar fáil chun déileáil le páirtithe leasmhara trí mheán na Gaeilge sa chás gurb í sin an teanga roghnaithe.</li> </ul>
	<b>Láithreáin Ghréasáin agus Ríomhchórais</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh Seirbhís Ar Líne nua an BAI ar fáil go hiomlán le haghaidh iarratais agus conraitheoireacht <b>Fuaimne agus Físe</b>.</li> </ul>
	<b>Comhfhreagras/Soláthar Faisnéise/Cumarsáid</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh méadú incriminteach ar leaganacha dátheangacha de na preaseisiúintí eile go léir thar thréimhse na scéime.</li> </ul>
	<b>Acmhainní Teanga</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Pléifidh an BAI comhthionscnaimh a fhorbairt le comhlachtaí eile na seirbhíse poiblí.</li> </ul>



2-5 Plás Warrington,  
Baile Átha Cliath 2, Éire  
2-5 Warrington Place,  
Dublin 2, Ireland

T: + 353 (0)1 644 1200  
F: + 353 (0)1 644 1299  
E: [info@bai.ie](mailto:info@bai.ie)  
W: [www.bai.ie](http://www.bai.ie)